Glaoch Oscailte d'Ealaíontóirí

'I Láthair' - Scéim Chónaitheach do Thaibhealaíontóirí Teangabhunaithe na Gaeilge

Clár atá á reáchtáil mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Ceithre Bliana 2025 – 2028 an Oireachtais, maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, faoi threoir na Straitéise Náisiúnta d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge.

Glao

Tugtar cuireadh do thaibhealaíontóirí teangabhunaithe Gaeilge iarratas a dhéanamh le bheith páirteach i gclár cónaitheach in ionaid chultúrtha/ealaíon réigiúnacha taobh amuigh den Ghaeltacht.

Tréimhse an chláir: 01 Meitheamh 2026 – 30 Samhain 2027.

Tréimhse na cónaitheachta: 6-10 seachtainí (Beidh na dátaí le deimhniú leis na hionaid).

Cuspóir na scéime:

- Taibhealaíontóirí teangabhunaithe na Gaeilge a lonnú i gcroílár an tsaoil chultúrtha chomhaimseartha náisiúnta, iad a chur chun tosaigh i saol cultúrtha na hÉireann, áit a gcuirfidh siad le saibhreas, leis an tsamhlaíocht agus leis an éagsúlacht a thugann beocht do chultúr na hÉireann.

- Gréasán d'ionaid a chothú go náisiúnta a bheidh mar thacaíocht, le borradh a chur faoi na taibhealaíona teangabhunaithe ar fud na tíre.

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá fáilte roimh iarratais ó:

- Taibhealaíontóirí teangabhunaithe na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht, traidisiúnta agus comhaimseartha, lena n-áirítear: aisteoirí, drámadóirí, scéalaithe,

amhránaithe agus cumadóirí/cleachtóirí ealaíon béil lena n-áirítear lúibíní, agallaimh bheirte, fílíocht, rap srl.

- Taibhealaíontóirí teangabhunaithe na Gaeilge, ag aon staid dá gcleachtas ealaíne a bhfuil taithí ábhartha acu nó acmhainn shoiléir forbartha ina gcleachtas ealaíne á léiriú acu.
- Taibhealaíontóirí teangabhunaithe, a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu agus cumas oibriú trí mheán na Gaeilge i gcomhthéacs gairmiúil agus pobail.
- Taibhealaíontóirí teangabhunaithe na Gaeilge a bhfuil spéis acu i rannpháirtíocht phobail, lena n-áirítear obair le daoine óga, grúpaí pobail / Gaeilge, scoileanna agus pobail áitiúla.
- Taibhealaíontóirí teangabhunaithe na Gaeilge a bhfuil fís shoiléir acu don chónaitheacht agus tuiscint acu ar an gcaoi a gcuirfidh a gcuid oibre le forbairt na dtaibhealaíon Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht agus feasacht i dtaca leis na healaíona sin a ardú sa timpeallacht ina bhfuil siad ag cleachtadh.

- **Nóta**: Cuirfear le láithreacht agus le feiceálacht na dtaibhealaíon Gaeilge agus cothófar spás cruthaitheach ina mbeidh an Ghaeilge agus na healaíona fite fuaite go nádúrtha lena chéile

Céard a bheidh i gceist leis an chónaitheacht?

Beidh ar na healaíontóirí cónaitheach:

- Nasc a chothú leis an bpobal áitiúil trí imeachtaí amhail ceardlanna, cainteanna, taispeántais, nó gníomhaíochtaí eile a reáchtáil (imeachtaí a mhairfidh idir uair go leith agus dhá uair a chloig in aghaidh na seachtaine).
- Dhá ócáid airneáin *('Time' **Auguisín 1**)* a reáchtáil taobh istigh den tréimhse chónaitheach le beirt ealaíontóirí eile sna healaíona teangabhunaithe Gaeilge nó le healaíontóirí eile a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, ar chuireadh an ealaíontóra cónaitheach i gcomhar leis an ionad.

- Comhoibriú leis an ionad agus le hOifigeach Réigiúnach Taibhealaíon an Oireachtais chun a chinniú go mbainfear spriocanna na cónaitheachta amach.

- Beidh deis ag an ealaíontóir oibriú ar fhorbairt a c(h)leachtais /s(h)aothair san ionad óstach agus cuirfidh an t-ionad áiseanna ar fáil chuige seo.
- Cuirfidh an t-ionad gach tacaíocht ar fáil maidir le poiblíocht ar imeachtaí na cónaitheachta agus cuirfidh siad eolas ar fáil don ealaíontóir maidir leis an bpobal a bhfreastalaíonn siad orthu, an ceantar ina bhfuil siad lonnaithe agus aon eolas ábhartha eile a bheadh ina bhuntáiste don ealaíontóir agus iad ***I Láthair***.

Táille

Táillí na n-ealaíontóirí: Uasmhéid de €7,500, ag brath ar an líon seachtainí a mhairfidh an chónaitheacht.

Cuirfear lóistín agus liúntas maireachtála caighdeánach (d'uasmhéid €2,000) ar fáil don ealaíontóir agus é/í ar an tréimhse chónaitheach.

Le nótáil:

Tá ciste léirithe ar fáil a chlúdóidh na himeachtaí/léirithe dlúth ach na costais a bheith aontaithe leis an Oireachtas roimh ré (i.e. táillí na n-ealaíontóirí rannpháirteacheacha eile a chlúdach). Tá féidearthacht ann go dtabharfar cuireadh don ealaíontóir léiriú a dhéanamh mar chuid de chlár an ionaid.

An tIarratas agus conas é a dhéanamh:

Iarrfar ar iarrthóirí:

- An fhoirm iarratais a líonadh isteach agus a sheoladh chugainn faoin spriocdháta;
- Samplaí oibre (físeán, fuaim, téacs, íomhánna, srl.) a chur leis an bhfoirm iarratais; chomh maith le
- CV / Beathaisnéis ghearr (dhá leathanach ar a mhéid)

Is gá go mbeadh an fhoirm iarratais, an CV/Beathaisnéis clóscríofa.

Ní mór **an t-iarratas** a sheoladh ar ríomhphost chuig taibhealaiona@antoireachtas.ie roimh **17:00 Dé hAoine, 01 Bealtaine 2026.**

Auguisíní

Auguisín 1: *An Time*

Oíche shiamsaíochta i dtithe tuaithe a bhí sa *"time"*, áit a dtagadh comharsana agus cairde le chéile i dteach ar an mbaile. Shuífidís timpeall an teallaigh agus thosódh an ceol. Bhíodh daoine ag seinm uirlisí éagsúla, an fheadóg stáin, an fhidil nó an bosca ceoil agus bheadh daoine ag canadh amhráin thraidisiúnta.

Uaireanta, dhéanfaí damhsa ar urlár na cistine nó bhíodh daoine ag baint ceoil as spúnóga. Bhíodh scéalaithe i láthair freisin, a d'inseodh seanscéalta agus scéalta fiannaíochta don slua a bhí bailithe. Dhéanfadh daoine aithris ar dhánta. Ba é seo an tsiamsaíocht a bhí ann tráth nach raibh teilifís ná leictreachas ag daoine, mar sin bhí an teacht le chéile seo nó an "time" an-tábhachtach don phobal.